CINNEADH (AE) 2023/1409 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Iúil 2023

lena dtugtar treoir do Riarthóir Lárnach Chlárlann an Aontais barrachas an Aontais a chur ar ais chuig na Ballstáit agus chuig an Ríocht Aontaithe ag deireadh an dara tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/1339 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Leasú Doha ar Phrótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus comhlíonadh comhpháirteach na ngealltanas faoi ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas Leasú Doha ar Phrótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a thabhairt i gcrích. Le Leasú Doha bunaíodh an dara tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto, dar tús an 1 Eanáir 2013 agus dar críoch an 31 Nollaig 2020.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Chinneadh (AE) 2015/1339 ón gComhairle, gach aonad den mhéid sannta a eisíodh le haghaidh an dara tréimhse gealltanais a bheidh ar fáil i gclárlann an Aontais tar éis don Aontas a oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh agus tar éis aon aistriú aonad den mhéid sannta de bhun gníomhartha cur chun feidhme a glacadh ar bhonn Airteagal 10(7) de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ('barrachas an Aontais'), déanfar iad a thabhairt ar ais do na Ballstáit ag deireadh an dara tréimhse gealltanais.

(3) Tar éis sciar na bhfáltas is infheidhme a aistriú chuig an gCiste Oiriúnaithe, tá glanbharrachas Aontais de 2 215 147 885 aonad de mhéid sannta i gClárlann an Aontais. Ba cheart na haonaid sin a thabhairt ar ais do na Ballstáit agus don Ríocht Aontaithe ([3]) i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Chinneadh (AE) 2015/1339 ón gComhairle.

(4) Ba cheart don Choimisiún treoir a thabhairt do riarthóir lárnach Chlárlann an Aontais na haonaid a chur ar ais chuig na Ballstáit agus chuig an Ríocht Aontaithe,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Tugann an Coimisiún treoir do riarthóir lárnach Chlárlann an Aontais na haonaid den mhéid sannta a chur ar ais chuig cuntais a Beilge, na Bulgáire, na Cipire, na Cróite, na Danmhairge, na hEastóine, na hÉireann, na Fionlainne, na Fraince, na Gearmáine, na Gréige, na hIodáile, na hÍsiltíre, na Laitvia, na Liotuáine, Lucsamburg, Mhálta, na hOstaire, na Polainne, na Portaingéile, na Rómáine, na Seicia, na Slóivéine, na Slóvaice, na Spáinne, na Sualainne, na Ríochta Aontaithe, agus na hUngáire, na haonaid mhéid sannta a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Frans TIMMERMANS
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

([1]) IO L 207, 4.8.2015, lch. 1.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 280/2004/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 13).
([3]) IO C 384 I, 12.11.2019, lch. 59.

IARSCRÍBHINN

Ballstát	Aonaid den mhéid sannta de bharrachas leithdháilte an Aontais
An Ostair	13 779 438
An Bheilg	21 010 620
An Bhulgáir	129 595 427
An Chróit	7 379 327
An Chipir	1 611 575
An tSeicia	136 916 575
An Danmhairg	13 496 692
An Eastóin	52 162 070
An Fhionlainn	8 895 367
An Fhrainc	102 390 482
An Ghearmáin	200 540 800
An Ghréig	16 329 385
An Ungáir	110 193 391
Éire	11 665 373
An Iodáil	81 862 104
An Laitvia	41 199 008
An Liotuáin	72 359 623
Lucsamburg	2 472 803
Málta	315 853
An Ísiltír	31 245 242
An Pholainn	306 866 601
An Phortaingéil	13 660 512
An Rómáin	503 842 880
An tSlóvaic	77 068 229
An tSlóivéin	3 376 854
An Spáinn	60 009 461
An tSualainn	13 580 833
An Ríocht Aontaithe	181 321 357